

❖ An Lúibín ❖

17 Iúil 2014

Mná Díbeartha

Tá Barrie Dowdall agus Siobhán Lynam le teacht go dtí an Astráil. Mura bhfuil a fhios agat cé hiad, seo an t-eolas. Beirt scannánaithe neamhspleácha ó Éirinn iad agus neart oibre déanta acu san Astráil: 'Ned Kelly – The True Story,' 'Exile in Hell – The Story of Alexander Pearse,' agus 'Mná Díbeartha,' sraith teilifíse a rinneadh do TG4 agus a taispeánadh san Astráil mar 'Convict Women & Orphan Girls'.

Insíonn 'Mná Díbeartha' scéal an 25,000 bean a cuireadh ina ndaoránaigh chun na hAstráile idir na blianta 1787 agus 1853, mná arbh as Éirinn dá leath. Agus thugann sí cuntas freisin ar an 4,200 cailín a chaill a dtuismitheoirí sa Drochshaol agus a baineadh as tithe na mbocht lena gcur chun na hAstráile. Tháinig na mná óga ó Chontae an Dúin, ó Chontae Luimnigh, ó Cheatharlach, ó Chontae Thír Éoghain, ó Chontae an Chláir, ó Bhaile Átha Cliath, ó Chontae na Gaillimhe agus ó Chontae Thiobraid Árann. I bhfianaise staid na Gaeilge i gcuid mhaith de na contaethe sin ag an am, is léir gurbh í sin an teanga a bhí ag a bhformhór ó dhúchas.

Bainfidh na scannánaithe Sydney amach ar 17 Lúnasa. Tá caint ullmhaithe acu faoina saothar Astrálach agus beidh siad ag obair faoi choimirce Ollscoil Wollongong, Ollscoil an Chaisleáin Nua agus Ollscoil na Tasmáine. Tá siad ar lorg áite in Melbourne chun an chaint sin a thabhairt.



Ceiliúradh Uí Dhomhnaill

Sa bhliain 1924 bronnadh bailiúchán de leabhair Ghaeilge, de phaimfléid agus de lámhscríbhinní ar Choláiste Newman (Ollscoil Melbourne) ó leabharlann Niocláis Uí Dhomhnaill, scoláire Gaeilge.

Mar chuid de cheiliúradh nócha bliain an bhronntanais sin, beidh dhá ócáid ann a thitfidh amach i Seachtain na Leabhar Uathúil in Melbourne:

* Taispeántas de chuid de na leabhair idir an Luan agus an Aoine, 21-25 Iúil, 9am-5pm

* Amhráin i mBéarla agus i nGaeilge le téacsanna ón leabharlann. Gréagóir Ó Broin (giotár) agus Miriam Uí Dhonnabháin (guth), Dé Céadaoin 23 Iúil, 5.30-7.00pm.

Beidh an dá ócáid saor in aisce, ach táthar ag iarraidh ar dhaoine focal a chur ar shuíochán don amhránaíocht: <http://www.trybooking.com/84051>

Féach

https://ga.wikipedia.org/wiki/Niocl%C3%A1s_%C3%93_Domhnaill

<http://adb.anu.edu.au/biography/odonnell-nicholas-michael-7879>

Gaeilge uirbeach

Tá ré na Gaeilge uirbí tagtha sa mhullach orainn, sa mhéid gur gearr (más fíor do na heolaithe) go mbeidh deireadh leis na nGaeilge mar theanga phobail sa Ghaeltacht oifigiúil. Sna cathracha agus sna bailte móra is mó atá cainteoirí Gaeilge le fáil anois, in Éirinn féin agus thar lear.

Ach bhí Gaeilge á labhairt sna háiteanna sin riamh ó na meánaoiseanna amach. Bhí Gaeilge ar a dtoil ag na Gall-Ghaeil féin faoin 16ú haois.¹ Go déanach san aois sin dúirt Fynes Moryson, feidhmannach agus taistealaí: '[T]he English Irish and the very citizens (excepting those of Dublin where the lord deputy resides) though they could speak English as well as we, yet commonly speak Irish among themselves, and were hardly induced by our familiar conversation to speak English with us'.²

Ní raibh Gaeilge de dhíth ar Bhaile Átha Cliath ach oiread. Bhí Gaeilge na cathrach suite idir canúint de chuid oirthear Chúige Uladh i gContae Mhí agus i gContae Lú agus an chanúint mhór lámach theas. Dá bhrí sin, is dócha go raibh rian an dá chanúint uirthi maidir le foghraíocht agus gramadach. Chuirí an treise ar an gcéad ghuta d'fhocail agus dealraíonn sé gur tháinig deirí iolra an tabharthaigh in áit deirí iolra na dtuiseal eile (rud a tharla freisin i gcanúintí eile, a bheag nó a mhór). I litir a scríobhadh i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1691 faighimid a leithéidí seo: *gnóthuimh* (cuspóireach), *tíorthuibh* (cuspóireach), agus *leithscéalaibh* (ginideach).³

Bhí na húdaráis Shasanacha féin sásta feidhm a bhaint as Béarla i mBaile Átha Cliath le linn Chromail. Sa bhliain 1655 ordaíodh do roinnt feidhmeannach áitiúil a bheith i bhfeighil léachta i nGaeilge. I Mí Mhárta 1656 ceapadh Séamas Corcy (sagart a d'iompaigh) chun seanmóirí a thabhairt i nGaeilge i bparóiste Naomh Bríd ar an Dómhnach. Bhí sé le bheith ag seanmóireacht i nDroichead Átha agus i mBaile Átha freisin, cé gur beag rath a bhí ar an obair.⁴ Sa bhliain 1657 b'éigean Míonn Séanta (i.e. míonn chun an Pápa a shéanadh) a léamh os ard i nGaeilge i gCorcaigh chun go dtuigfeadh na daoine é.⁵ An bhliain chéanna chuir na Sasanaigh i mBaile Átha Cliath gearán faoi bhráid na Comhairle Cathrach faoina raibh de Ghaeilge á labhairt sa chathair ('there is Irish commonly and usually spoken').⁶

San 18ú haois bhí litríocht na Gaeilge á saothrú i mBaile Átha Cliath. Bhí scata filí agus scríobhaithe ann sa chéad chuid den aois sin agus Seán agus Tadhg Ó Neachtain chun tosaigh ina measc.⁷ Bhí scríobhaithe ann ar feadh na haoise, agus iomrá le Muiris Ó Gormáin, fear a bhreac mórán lámhscríbhinní agus a mbíodh a shaothar á fhógairt in *Faulkner's Dublin Journal*.⁸

Ba léir ó dhaonáireamh 1851 go raibh neart cainteoirí Gaeilge fós i mbailte móra agus i gcathracha Chúige Mumhan. Bhí láidre fós an teanga, ar ndóigh, go luath san aois. Sa bhliain 1819 scríobh James McQuige, Meitidisteach a mbíodh Gaeilge á húsáid aige mar theanga sheanmóireachta, an méid seo: 'In some of the largest southern towns, Cork, Kinsale, and even the Protestant town of Bandon, provisions are sold in the markets, and cried in the streets, in Irish'.⁹

Is beag scoláire a rinne taighde ar Ghaeilge uirbeach na linne seo. Brian Ó Broin atá chun tosaigh: ollamh le teangeolaíocht, litríocht mheánaoiseach agus léann Éireannach in Ollscoil William Paterson, New Jersey. Tá a lán foilsithe aige in irisí léinn agus in irisí coitianta, agus is minic páipéir acadúla á léamh aige ar fud an domhain. Is fiú féachaint ar fhíseán a rinneadh de chaint dá chuid in Ollscoil Connecticut, 'The Urban Irish Language

¹ McCabe, lch 31.

² Luaite in Kew, Graham (eag.): "The Irish Sections of Fynes Moryson's unpublished itinerary" (IMC, Dublin, 1998), lch 50.

³ Ó hÓgain 2007

⁴ Berresford Ellis, lch 156.

⁵ Berresford Ellis, lch 190.

⁶ Berresford Ellis, lch 193.

⁷ Caerwyn Williams & Uí Mhuiríosa, lgh 279, 284.

⁸ Ní Mhunchaile, lgh 239-276

⁹ Luaite in de Brún, lgh 11-12.

Community,' 27 Márta 2012 (<http://www.youtube.com/watch?v=2E-K9-GCJOk>). Deir sé: 'Groundswells are never obvious until the révolution happens'. Deir sé go bhfuil pobal uirbeach na Gaeilge ag méadú le roinnt blianta anuas ach bhfuil roinnt fadhbanna ann. Is minic pidsin chliste déanta den Ghaeilge ag Gaeilgeoirí, agus tá an dá nós acu – iad ag labhairt Gaeilge ag ócáidí Gaelacha agus Béarla sa ghnáthshaol. Tá a lán daoine ag tógáil clainne le Gaeilge ach is minic is deacair dóibh rudaí áirithe (mothúcháin, mar shampla) a chur in iúl cheal cleachtaidh. Tá athraithe suntasacha ag teacht ar fhuaimneanna agus ar ghramadach na Gaeilge uirbí: tá an séimhiú agus an t-urú ag meath, a bheag nó a mhór, agus is minic a chloisfeá fochlásaíl neamhchaighdeánacha; mar sin féin, tá foclóir réasúnta mór ag Gaeilgeoirí go fóill, d'ainneoin na n-athruithe eile. Tá claonadh aige, áfach, chun gan a admháil go raibh mórán Gaeilge á labhairt sna cathracha roimhe seo.

Tá sé ráite ag an Dr John Walsh, atá ag déanamh taighde thar ceann an AE, go bhfuil na trí ghrúpa le fáil i measc Gaeilgeoirí: cainteoirí a bhfuil blas Gaeltachta ar a gcuid cainte, cainteoirí líofa acu nach bhfuil blas réigiúnach ar leith ar a gcuid Gaeilge, agus cainteoirí nach bhfuil slacht ar a gcuid Gaeilge ach ar breá leo í a labhairt. Thiofadh James McCloskey, taighdeoir acadúil eile, leis seo.¹⁰ Tá éagsúlacht mhór ag baint leis na cainteoirí uirbeacha seo, ach tá oideachas maith ar chuid mhór acu agus baint acu mar sin leis an meánaicme. Deir McCloskey go bhfuil a dtionscadal teanga ar 'the most interesting and successful language revitalization projects so far undertaken'.

Cainteoirí uirbeacha is ea na Gaeilgeoirí thar lear: is dócha go mbaineann a bhformhór leis an dara grúpa atá luaite ag Walsh. Is minic blas an tseansaioil ar a gcuid Gaeilge, mar sin féin: foghlaimíonn siad í ó ábhair theagaisc a chloíonn leis na gnáthrialacha caighdeánacha, le dul 'ceart' na teanga, agus uaireanta tá tionchar ag cainteoirí dúchais ó Éirinn orthu. San Astráil tá a ngréasán idir-uirbeach féin acu, agus fo-ghrúpaí ag gabháil leis: ceann atá i mbun taighde léinn, mar shampla. Is féidir a rá go bhfuil difríochtaí idir Melbourne agus Sydney ar an dóigh sin. Pé pobail Ghaeilge a bhíodh le fáil amuigh faoin tuath tá siad imithe: is í an chathair láithreán na Gaeilge anois.

De Brún, Pádraig. *Scriptural Instruction in the Vernacular: The Irish Society and Its Teachers 1818-1827*. Dublin Institute for Advanced Studies 2009.

Fitzgerald, Garrett, 'Estimates for baronies of minimal level of Irish-speaking amongst successive decennial cohorts, 117-1781 to 1861-1871,' Volume 84, *Proceedings of the Royal Irish Academy* 1984.

McCabe, Richard A.. *Spenser's Monstrous Regiment: Elizabethan Ireland and the Poetics of Difference*. Oxford University Press

Ní Mhunchaile, Lesa. 'An eighteenth century Irish scribe's private library: Muiris Ó Gormáin's books' in *Proceedings of the Royal Irish Academy*, Volume 110C, 2010, lgh 239–276.

Ó hÓgáin, Dáithí. *Labhrann Laighneigh: Téacsanna agus Cainteanna ó Shean-Chúige Laighean*. Coiscéim 2011.

Williams, Nicholas. 'Na Canúintí a Theacht chun Solais' in *Stair na Gaeilge*, eag. Kim McCone agus eile. Maigh Nuad 1994.



Cartlann Doegen

Is fada cáil ar an ábhar taifeadta Gaeilge atá le fáil i gcartlann Doegen, ábhar béaloidis a fuarthas mórán de i gcontaethe atá gan chainteoir dúchais ar bith anois. Scoláirí Gaeilge ó Éirinn agus taisfeadóirí de chuid Leabharlann Stáit na Prúise i mBeirlín a rinne na cainteoirí a thaifeadadh. Ba é Acadamh Ríoga na hÉireann a riar an scéim, agus rinneadh an taifeadadh sna blianta 1928 agus 1931. Ainmníodh an scéim as an Ollamh Wilhelm Doegen, scoláire Gearmánach a raibh baint aige leis an obair. Tá an fhuaim réasúnta soiléir, cé go bhfuil corrbhearna ann.

Ar na contaethe atá i gceist tá Contae Thír Eoghain, Contae an Chláir agus Contae Thiobraid Árann. Féach Eilís Ní Chleircín ó Thír Eoghain:

¹⁰ McCloskey, James, 'Irish as a World Language,' 2006: <http://ohlone.ucsc.edu/~jim/PDF/notre-dame.pdf>

Shiúil mé Éire a thiomallta [*timpeall*] is na bóithre go rabh mé i Lunainn thall,
Agus ar mo chuairt ag tilleadh domh go Contae Thír Eoghain,
Sin an *news* a bhí sna bealaí sin fá bhreáthachta Níon Uí Cheallaigh,
Gur mhíle bhfearr a samhail í ná Níon Iarla Tír Eoghain.

In ndeisceart Chontae Thiobraid Árann a taifeadadh Séamas Ó Liatháin, agus scéalta aige i gcanúint na nDéise.

Bhí mé ag dul 'dtí aonach Chluain Meala sa mBealthaine ag díol dorn caoire a bhí agam. Nuair a bhí mé ag teacht abhaile im thráthnóna chuaigh mé isteach go dtí tigh ósta a bhí ar an mbóthar. Bhí fear bocht istigh romham agus é ag ól pionta leanna. Nuair a bhí an [lions?] óltha aige tháini' sé amach ar an mbóthar. Agus tháini' mise amach chun dul abhaile. Dh'iarr sé roinnt airgid orm chun lóistín na hoíche a cheannach. Dúirt mise leis go mba chóra dhó lóistín na hoíche a cheannach ar an airgead a bhí sé a chaitheamh sa tigh ósta.

Bhí comhrá ansin idir an bheirt agus an chríoch seo ar an scéal:

Agus ní raibh sé róbhaoch díom nuair nár thug mé a thuilleadh airgid dó chun dul isteach go dtí an tigh ósta chun a thuilleadh leanna a dh'ól.

Bhí 'Billie Touras,' sceál faoin slua sí, ag Stiofán Ó hEilíre i gContae an Chláir.

Do bhí anso fadó, insa tseansaol, na seana-mhná a bhíodh insa tír, do bhídís ag sníomh a gcuid bréidín agus oлайн. Agus má bhídís choíchint, do dheinidís a gcuid féin *tweed* agus flainín agus abhrais. Do bhí aon bhean amháin ina measc agus níl aon bhliain ná bailíodh sí isteach an oiread abhrais agus ba cheart a dhéanamh gach bliain. Ach ní dheineadh aon ghiob de. Do bhí sí mar sin ar feadh seacht mbliana. Agus nuair a bhíodh sí le haghaidh an t-abhras a dhéanamh ins an lá do theigheadh sí ar cuairt. Do bhí abhras na seacht mbliana ar fad leagthaithe in aon chúinne amháin aici i gcúinne an tí. Agus má bhí achoíchint, do bhí sí oíche dhos na hoícheantaibh go raibh sí istigh agus í ag cíoradh slam oлайн agus do tháinig chuici isteach fear.

Dúirt an fear go gcardáilfeadh sé agus go bhfífeadh sé agus go gcuirfeadh sé i gcóir 'gach uile shórt snáthach i do chuid abhrais nó go mbeadh sé i gcóir'. Dúirt sé léi, áfach, go gcaithfeadh sí a bheith in ann é a ainmniú nuair a d'fhill sé uirthi. Lean sí go dtí an lios é agus chuala sí ag rá a ainm le mná an leasa é. Bhí a ainm aici, mar sin, nuair a tháinig sé ar ais.

Do d'iompaigh Billie Touras ar an urlár agus a d'iompaigh sé amach arís, agus é go feargach ag imeacht leis ar n-ais. Agus is dócha nuair a ghaibh sé ar n-ais go dtí an lios aríst nach bhfuil fios cén bualadh do fuair sé nuair ná raibh olann ná líon ná pá ag dul ar n-ais aige.

Féach

<http://doegen.ie/doegen/ga>

<http://www.smo.uhi.ac.uk/~oduibhin/doegen/pearsanta.htm>



Teangacha

Déanaimis é a chíoradh arís: an chaoi a múintear teangacha iasachta i dtíortha an Bhéarla, go háirithe san Astráil agus in Éirinn. Tugadh léargas ar an scéal i dtuairisc de chuid an Expert Group on Future Skills Needs (EGFSN) in Éirinn, agus dúirt Una Halligan, cathaoirleach an ghrúpa, go mbeidh eolas ar theanga eile ar na scileanna riachtanacha sna postanna a bheadh ar fáil feasta.

San Astráil chleachtamar riamh an nós atá coitianta sna gnóthaí seo: an treise a chur ar léamh agus scríobh agus líofacht cainte a fhágáil in áit na leathphingine. Ach is í an chaint a chuireann beocht i dteanga. Is beag dalta a fhanann i mbun teanga go dtí deireadh na scolaíochta, cé go bhfuil breis suime ag teacht i dteangacha ag mic

léinn, más fíor. Rud is tábhachtaí fós, tá timpeall dhá bhunscoil déag in Melbourne, mar shampla, atá ag múineadh teangacha ar bhealach neamhthraidisiúnta, ag baint feidhm as an leath-thumadh.

In Éirinn tá roinnt cláracha nua teanga le fáil i gcoláistí agus i scoileanna: Rúisis, Seapáinis, Sínis agus eile. Teangacha seach-churaclaim is ea cuid acu. Ní cinnte, áfach, go leanfaidh líofacht an méid sin. Mar sin féin, rachadh sí ar sochar d'innealtóirí, do lucht forbartha bogearraí, do chéimithe ríomheolaíochta agus do lucht margáíochta. Tá flúirse postanna ann, ach ní hiad na hÉireannaigh a fhaigheann iad, cheal teanga eile. Tá Amazon, PayPal agus Google ar lorg daoine ilteangacha ach i dtíortha eile a fhaightear iad..

Deir Halligan gur fiú do mhic léinn mhalairte rogha a dhéanamh de thíortha mar a bhfuil teanga eile á labhairt seachas aghaidh a thabhairt ar an Astráil nó ar na Stáit. Má chaitheann tú bliain ag déanamh do chéime i dteanga iasachta, beidh an teanga sin ar do thoil agat faoi dheireadh na bliana. Tá tairbhe le baint fiú as jabanna fánacha i dtíortha eile, leithéid obair bheáir. Ní gá duit cloí leis an léann más líofacht atá uait.

Is sean-nath anois é go bhfuil doicheall ar Bhéarlóirí dul i muinín teangacha eile: níl gá leis, dar leo. Tá a rian sin ar mhí-éifeacht an teagaisc, fiú i dtíortha (leithéid na hAstráile) a bhfuil na scórtha teangacha á labhairt ag inimirigh. Scéal eile is ea an Ghaeilge éigeantach, scéal a bhfuil débhríochas agus seachantas na haigne Éireanaí fite fuaite ann.

<http://www.siliconrepublic.com/careers/item/32249-getting-over-the-language-b>

<http://www.skillsireland.ie/>

< :o ●●H **Más fada an la tig an oíche**

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au .

Leaganacha simplithe

Gaeilge uirbeach

Deir na heolaithe gur gearr go mbeidh deireadh leis na nGaeilge mar theanga phobail sa Ghaeltacht oifigiúil. Sna cathracha agus sna bailte móra is mó atá cainteoirí Gaeilge le fáil anois, in Éirinn féin agus thar lear.

Bhí Gaeilge á labhairt sna háiteanna fiú sna meánaoiseanna. Bhí Gaeilge ag na Gall-Ghaeil féin faoin 16ú haois, agus ní labhróidís Béarla leis na Sasanaigh, ach amháin i mBaile Átha Cliath.

Bhí mórán Gaeilge á labhairt i mBaile Átha Cliath ach oiread. Bhí canúint mhór lárnach na Gaeilge á labhairt i gContae Bhaile Átha Cliath. Bhí an chanúint cosúil le Gaeilge Chonnacht. Bhí canúint Ultach á labhairt i dtuaisceart an chontae. Is dócha gur fhág an dá chanúint seo a rian ar Ghaeilge Bhaile Átha Cliath.

Bhí na húdaráis Shasanacha féin sásta feidhm a bhaint as Béarla i mBaile Átha Cliath le linn Chromail. Mar sin féin, ghearáin Sasanaigh go raibh an iomarca Gaeilge á labhairt ann. I gCorcaigh b'éigean fógra oifigiúil a léamh os ard i nGaeilge toisc nár thuig na daoine an leagan Béarla.

San 18ú haois bhí litríocht na Gaeilge á saothrú i mBaile Átha Cliath. Bhí filí agus scríobhaithe ann.

Bhí Gaeilge á labhairt i mbailte móra Chúige Mumhan sa chéad chuid den naoú haois, agus dhéantaí gnó sa teanga.

Rinne cúpla scoláire taighde ar an nGaeilge mar atá sí á labhairt anois sna cathracha. Tá athrú ag teacht ar na fuaimeanna agus ar an ngramadach. Tá an séimhiú agus an t-urú ag meath, a bheag nó a mhór, ach tá foclóir réasúnta mór ag Gaeilgeoirí go fóill. Tá oideachas maith ar chuid mhór acu agus baint acu mar sin leis an meánaicme.

I gcathracha atá Gaeilgeoirí thar lear ina gcónaí. Is minic blas an tseansaoil ar a gcuid Gaeilge. Tá gréasáin dá gcuid féin acu.

Teangacha

Ní go maith a mhúintear teangacha iasachta i dtíortha an Bhéarla, go háirithe san Astráil agus in Éirinn. Tugadh léargas ar an scéal i dtuairisc a rinne grúpa saineolaithe in Éirinn. Dúirt cathaoirleach an ghrúpa go mbeadh gá le teangacha chun post maith a fháil feasta.

San Astráil agus in Éirinn cuirtear béim ar léamh agus scríobh na dteangacha iasachta. Is gá béim a chur ar an gcaint. Déantar é seo uaireanta. Tá timpeall dhá bhunscoil déag in Melbourne atá ag ag baint feidhm as an leath-thumadh chun teanga eile a mhúineadh.

In Éirinn tá roinnt teangacha eile á mhúineadh anois i gcoláistí agus i scoileanna: Rúisis, Seapáinis, Sínis agus eile. Teangacha seach-churaclaim is ea cuid acu. Ní cinnte, áfach, go leanfaidh líofacht an méid sin. Téann teangacha ar sochar d'innealtóirí, do lucht forbartha bogearraí, do chéimithe ríomheolaíochta agus do lucht margaiochta. Tá mórán post ann ach ní hiad na hÉireannaigh a fhaigheann iad, mar níl aon teanga eile acu.

Deirtear gur fiú do mhic léinn mhalairte rogha dul go dtí tíortha nach bhfuil Béarla á labhairt. Gheobhaidh siad taithí ar theanga eile a labhairt, fiú gan staidéar a dhéanamh.

Forlíonadh

Trí dhán le Colin Ryan. Tá dánta agus ficsean dá chuid le fáil sna hirísí Gaeilge.

Ó Scanláin

Bhí Mícheál Ó Scanláin ar an triúr póilíní ar mharaigh Ned Kelly agus a dhrong iad ag Stringybark Creek in oirthuaisceart Victoria sa bhliain 1878. Bhí iarracht den seansálaí ann. B'as an bhFosadh i gContae Chiarraí dó agus is beag amhras ná go raibh Gaeilge ó dhúchas aige. (Is é an chiall atá le 'fosadh' ná áit chothrom nó áit scíthe.) Tá blas Chiarraí ar an ngiota cainte a luaitear leis sa dán. Ní féidir scríobh faoin Scanlánach gan pearsa shamhailteach a dhéanamh de, ar nós Ned Kelly féin.

1.

Ní ar an bhFosadh a mheabhraigh sé
ná ar chogar na gcailleach
is a aigne lán de scinneadh
is lasair na bpearóidí:
siúd in airde sa diallait é
is a aghaidh ar an meirleach Kelly
ag breith leis righneas an dlí
(an vambat á sheachaint sa raitheach)

2.

Is leatsa mo ghadhar, a dúirt sé,
mura dtiocfad thar n-ais
agus rinne a chara gáire
ar neamhchead don bhás:
an cruitín droimdhearg á bhfaire,
na coillte breaca á bhfaire

3.

Na seangáin ina líne anois
ar a lámh is an raidhfil ar lár,
an capall ag tógáil a chinn
le binneas béalbhaí
gan aird ar scéal an éaga
is an sruthán ag crochadh
an Fhosaidh leis go héasca

Bolwarrah, Victoria¹¹

Leag siad croí na coille
cheal ceirde eile
an choill a leagadh maireann sí fós
i gceo díbhealaigh an fhómhair

¹¹ Tá Bolwarrah suite ar ardáin lárnaigh Stát Victoria, in aice le hiarsmaí Fhoraois an Vambait.

Diongó¹²

Réabadh na dtréad a chuir
an chonairt sa tóir ort
a chreachadóir na gealaí
is lorg na fola i do dhiaidh
ar cheantair chloíte:
do ghlam mar cheol
i gciumhais na coille
is gan chuimhne ort anois
in Ballan in Bungaree
i Sruth an Mhuilinn

¹² Bhíodh an diongó le fáil ar fud na hAstráile, fiú in oirdheisceart na tíre, áit nach bhfuil sé le fáil anois. Is ionann Sruth an Mhuilinn agus Millbrook, ceantar beag i limistéar ar chuir mórán Éireannach fúthu.